Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

# Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht

Tugann Aistear míniú ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a dhéanann leanaí, ag baint úsáide as ceithre théama. Ceann de na téamaí sin is ea **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**.

Is éard atá i gceist leis an téama **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht** de chuid *Aistear* ná leanaí i mbun brí a bhaint as na rudaí, áiteanna agus na daoine atá ina saolta. (Féach leathanaigh 48-59 don téacs iomlán maidir le **Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht**.)

ag déanamh amhrais agus iontais



ag réamh-mheas

ag ceistiú

ag iniúchadh

## Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. déanfaidh siad iniúchadh ar a dtimpeallacht agus úsáidfidh siad scileanna nua coirp
2. léireoidh siad tuiscint atá ag dul i méid orthu féin agus ar dhaoine eile
3. forbróidh siad tuiscint ar athrú mar chuid dá saolta
4. foghlaimeoidh siad faoin gcomhshaol agus faoin bhfreagracht atá orthu mar chaomhnóirí timpeallachta
5. tiocfaidh forbairt ar a dtuiscint ar am, chruth, spás, agus ar shuíomh
6. tuigfidh siad coincheapa amhail meaitseáil, sórtáil, méid, airde, toilleadh, agus airgead.

ag dul san amhantar

**Aidhm 1**
Bainfidh leanaí **ciall as an domhan** ina dtimpeall.

**Aidhm 2**
Bainfidh leanaí **leas as scileanna agus straitéisí** le foghlaim faoina saolta.

**Aidhm 4**
Forbróidh leanaí **dearcthaí dearfacha i leith na foghlama.**

**Aidhm 3**
Bainfidh leanaí **úsáid as siombailí** le hiniúchadh a dhéanamh ar smaointe agus ar nithe.

## Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. aithneoidh siad gaol idir foghlaim nua agus an méid atá ar eolas acu cheana féin
2. baileoidh agus úsáidfidh siad eolas ó fhoinsí éagsúla
3. déanfaidh siad teoiricí feidhmiúla faoi chóras feidhmithe an tsaoil a iniúchadh agus déanfaidh siad iad sin a fhorbairt
4. léireoidh siad a n-acmhainn ar réasúnaíocht, idirbheartaíocht agus ar smaointeoireacht loighciúil
5. comhoibreoidh siad le daoine eile chun spéiseanna a roinnt agus chun fadhbanna a réiteach
6. bainfidh siad úsáid as a gcruthaíocht agus as a samhlaíocht chun fadhbanna a réiteach.

## Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. léireoidh siad féinmhuinín atá ag dul i méid ó thaobh rudaí a dhéanamh dóibh féin
2. rachaidh siad i ngleic le dúshláin agus déileálfaidh le nithe a chuireann as dóibh
3. glacfaidh siad cinntí agus rachaidh a bhfreagracht as a gcuid foghlama féin i méid
4. beidh muinín acu go n-éisteofar lena gcuid smaointe agus ceisteanna
5. forbróidh siad scileanna ardoird smaointeoireachta amhail scileanna réitithe fadhbanna agus conas réamh-mheas a dhéanamh
6. spreagfaidh a bhfiosracht chun gnímh iad agus rachaidh siad san amhantar.

## Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. déanfaidh siad marcanna a bhreacadh chun nithe, imeachtaí agus smaointe a thaifeadadh
2. beidh siad in ann siombailí (pictiúir, uimhreacha, litreacha, agus focail) agus na nithe atá á léiriú acu sin a chomhcheangail le chéile
3. cuirfear lena bhfeasacht ar shiombailí éagsúla a úsáidtear chun cumarsáid a dhéanamh agus bainfidh siad úsáid astu sin
4. cuirfidh siad mothúcháin agus smaointe in iúl tríd an súgradh, caint, scríobh, ceol, agus tríd an ealaín
5. bainfidh siad úsáid as siombailí chun eolas a thabhairt agus a thaifeadadh agus chun brí a bhaint as eispéiris
6. bainfidh siad úsáid as leabhair agus TFC (bogearraí agus an t-idirlíon) mar fhoinse spraoi agus eolais.

fiosracht

ag réiteach fadhbanna

buanseasmhacht

## Uirlisí Úsáide Aistear

Soláthraíonn Uirlisí Úsáide Aistear réimse acmhainní lena n-áirítear gearrthóga físe, leidbhileoga, bileoga eolais, agus podchraoltaí le cuidiú leat leas a bhaint as *Aistear* a oirfidh do do chás féin. Tá fáil ar na huirlisí ag **www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 1 661 7177 Facs: +353 1 661 7180
R-phost: info@ncca.ie Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie